

Ag Tosú Scoilbhliain Nua

**Ag Tacú le Folláine na bPobal Scoile:
Treoir do Scoileanna**



An Roinn Oideachais
Department of Education

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

Clár ábhar	Leathanach
1. Réamhrá	1
2. Treoirphrionsabail Riachtanacha	2
3. Contanam Tacaíochta don Aistriú	3
4. Tacú le Folláine	4
4.1. Leibhéal 1 Tacaíocht Uilíoch do Chách	4
4.1.1. Bearta sábháilteachta fisiciúla a chur chun feidhme	4
4.1.2. Ag Socrú Isteach	4
4.1.3. Príomhtheachtaireachtaí a Chur in iúl Laistigh de Phobal na Scoile	5
4.2. Leibhéal 2 agus 3: Tacaíocht Spriocdhírthe agus Aonair do Roinnt Daltaí/do Bheagán Daltaí	7
5. Folláine Foirne Scoile a Chur Chun Cinn	8
6. Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí/Cúramóirí	9
7. Guth agus Gníomhaireacht na nDaltaí a Spreagadh	9
8. Tacaíocht do Phobail Scoile	10

Réamhrá

Tá an-dul chun cinn feicthe againn sa chomhrac in aghaidh Covid-19. Tá cuid mhór den tsochaí athoscailte agus is féidir linn mórán de na nithe a thaitníonn linn go léir nó a bhfuilimid ag brath orthu a dhéanamh arís. Táimid ag leanúint orainn ó lá go lá á gcur féin in oiriúint do Covid-19 agus ag dul i ngleic leis. Bhí na scoileanna dúnta ar feadh tréimhsí fada an bhliain seo caite agus bhí orainn fanacht sa bhaile. Bhí dúshlán shuntasacha le sárú ag teaghlaigh agus ag scoileanna agus sinn ag dul i ngleic le trí ráig de Covid-19 agus na bearta sláinte a bhain leo, ag oiriúnú don chianfhoghlaim agus don chúngú ar ár ngréasáin tacaíochta níos forleithne sa teaghlach agus sa saol sóisialta. Bhíomar go léir imníoch, ní nach ionadh, faoin mbaol dár sláinte choirp féin agus do shláinte choirp ár ndaoine muinteartha. Bhí tionchar ag na dúshlán sin ar ár bhfolláine ár bhealaí éagsúla agus ag amanna éagsúla.

Aithnímid ar fad an cúnamh a thug scoileanna ar bhonn náisiúnta an bhliain seo caite, agus mothú suaimhnis agus seasmhacht á soláthar acu do theaghlaigh in Éirinn. Agus tús á chur againn le scoilbhliain nua, is eol dúinn go bhfuil formhór na leanaí agus na ndaoine óga chomh maith leis an bhfoireann scoile ag tnúth le bualadh le chéile agus socrú síos arís i saol na scoile. Ní nach ionadh, d'fhéadfadh imní a bheith ar chuid mhaith againn faoi fhilleadh ar an scoil. Ní bheifí ag súil lena mhalairt agus is gnáthfhreagairt é nuair atá aistriú agus athrú ag tarlú. Tá pobail scoile ag leanúint orthu ag obair go crua agus tacaíocht agus treoir á bhfáil acu ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Sláinte, lena chinntiú go leanfaidh scoileanna de bheith sábháilte. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh ar bhonn leanúnach chun go mbeidh gach duine i bpobal na scoile sábháilte.

Tá sé tábhachtach go smaoinois go bhfuil cumas oiriúnaithe fréamhaithe ionainn go léir. Cé go mb'fhéidir go bhfuilimid go léir ag mothú beagán spíonta de bharr Covid-19, tá mórán scileanna nua foghlamtha againn agus táimid tar éis sinn féin a oiriúnú le linn na laethanta eisceachtúla seo. Is é sin atá mar bhonn leis an teacht aniar atá i ndaoine. Is eol dúinn, áfach, nárbh ionann an cás do gach duine le bliain anuas. Dhéileáil mórán againn go maith le cúrsaí, agus laethanta maithe agus drochlaethanta againn. D'fhéadfadh sé go bhfuil daoine ann a fuair spreagadh ó na dúshlán a chuir Covid os a gcomhair ach tá cuid eile againn ar chuir sé as i bhfad níos mó dúinn agus a ndeachaigh sé i gcion ar ár sláinte choirp agus intinne.

Ní mór dúinn a bheith eolach ar thionchar na réimsí eispéireas sin agus pleanáil á déanamh againn don scoilbhliain nua seo amach romhainn agus sinn go léir ag fillleadh ar an bhfhoghlaim agus ar shaol na scoile. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach breithniú a dhéanamh ar an áit ina bhfuilimid agus ar an méid atá bainte amach againn agus ar na chéad chéimeanna eile atá le glacadh againn i dtreo ár spriocanna i mbliana. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaimis chun cuimhne nár chaill ár leanaí agus ár ndaoine óga na scileanna agus an t-eolas go léir a d'fhoghlaim siad roimhe seo ainneoin na scoileanna a bheith dúnta go minic. Tá aitheantas á thabhairt don ról a bhí ag múinteoirí agus ag foirne scoile maidir leis sin a chinntiú. Nuair a bheidh siad ar ais i dtimpeallacht na scoile, ar timpeallach í a bhfuil eolas acu uirthi, glacfaidh formhór na scoláirí páirt san fhoghlaim an athuir agus bogfaidh siad ar aghaidh. Beidh cuid acu, áfach, a dteastóidh breis tacaíochta

uatha chun tosú arís, ag teacht le contanam tacaíochta na scoile. Tá sé i gceist go ndéanfadh pobail scoile an treoir seo a oiriúnú chun pleanáil do thacaíocht don fholláine ar an turas seo.

Cuireann an treoir atá leagtha amach anseo comhairle ar fáil ar an gcur chuige foriomlán maidir le tacú le folláine pobail scoile ag an am seo. Forlíontar é le hacmhainní agus le tacaíocht, mar atá i gCuid 8 den doiciméad seo, agus atá ar fáil ar gov.ie/backtoschool.


1. Treoirphrionsabail Riachtanacha

D'fhonn tacú le folláine pobail scoile ag am an aistrithe seo is cuidiú é teacht aniar a chothú ag úsáid cúig phríomhphrionsabal¹ mar a leanas:

- **Mothú sábháilteachta** a chur chun cinn – ionas go mbraitheann daoine go bhfuil siad sábháilte, agus go bhfuil na daoine timpeall orthu sábháilte
- **Mothú an tsuaimhnis** a chur chun cinn – ionas go mbraitheann daoine suaimhneach, socair agus stuama (á rialú go maith)
- **Mothú muintearais agus nascachta** a chur chun cinn – ionas go mbeidh caidreamh fónta ag daoine le daoine eile a thuigeann iad agus a thacaíonn leo
- **Mothú féinéifeachtúlachta agus éifeachtúlachta pobail** a chur chun cinn – ionas go gcreideann daoine gur féidir leo an rud atá ag teastáil a bhainistiú agus a dhéanamh, agus gur féidir le pobal na scoile déanamh amhlaidh freisin
- **Mothú dóchais** a chur chun cinn – ionas go gcreideann daoine go n-oibreoidh rudaí amach go maith

Is fearr tacú le haistriú rathúil ar ais go dtí an rud a bheidh mar ghnáthnós nua againn nuair a bhraitheann daoine laistigh de phobal na scoile sábháilte, socair agus dóchasach, nuair a bhraitheann siad mothú muintearais agus nascachta le pobal na scoile agus má bhraitheann siad gur féidir leo cúrsaí a dhéanamh le tacaíocht óna bpobal.

¹ Mar bhonn agus taca leis an treoir seo tá an creat a d'fhorbair Hobfoll et al (2007) d'fhonn tacú le teacht aniar agus filleadh ar an normáltacht le linn imeachtaí trámacha agus ina ndiaidh




Fíor 1: Príomhspríocanna do Phobal na Scoile

2. Contanam Tacaíochta

Agus scoileanna ag athoscailt, beidh athruithe ann do gach duine. Beidh daltaí ag athrú ranganna, d'fhéadfadh cuid acu a bheith ag athrú múinteoirí agus beidh scoileanna athraithe ag cuid eile acu. Beidh rialacha agus gnáthaimh nua scoile le foghlaim chun gach duine a choinneáil slán. Tá gach scoil difriúil agus beidh a fhios ag gach scoil an bealach is fearr chun tacú leis an bpróiseas aistrithe laistigh dá scoil féin. Tá sé tábhachtach cur chuige scoile uile a ghlacadh chun tacú le haistriú rathúil ar ais ar scoil.

Tacaíonn an creat maidir leis an gContanam Tacaíochta (Fíor 1) le cur chuige scoile uile maidir le pleanáil le haghaidh filleadh ar scoil agus cabhraíonn sé lena chinntiú go mbraitheann baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil siad sóbháilte agus slán. Sainithnítear leis freisin go bhfuil idirghabháil agus pleanáil níos spriocdhírithé ag teastáil ó roinnt daltaí chun cabhrú leo athmhuintearas a dhéanamh arís le pobal na scoile agus dul i ngleic athuair leis an bhfoghlaim.



Fíor 1: Contanam Tacaíochta

3. Scoileanna a Athoscailt: Tacú le Folláine

3.1. Leibhéal 1: Freagra Uilíoch do Chách

Ar leibhéal uilíoch tá freagra scoile uile ag teastáil chun tacú le folláine gach duine i bpobal na scoile agus muid ag athoscailt scoileanna.



Ar leibhéal uilíoch tá freagra scoile uile ag teastáil chun tacú le folláine gach duine i bpobal na scoile agus na scoileanna á n-athoscailt. Cuimsítear na gréithe a leanas sa fhreagra seo:

1. Bearta sábháilteachta fisiciúla a chur chun feidhme

Tá treoir agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do scoileanna anois maidir leis na bearta sábháilteachta a chaitheamh a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le fillleadh slán ar scoil do chách. Teastaíonn teachtaireachtaí soiléire agus ardú feasachta fhoireann na scoile, tuismitheoirí agus daltaí chun tuiscint a fháil ar thábhacht na mbearta sábháilteachta is gá a bheith i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh comhroinnt litreacha faisnéise i gceist leis sin, le pictiúir d'athruithe ar eagrú fisiciúil na scoile. D'fhéadfadh leanaí níos óige nó iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó riachtanais bhreise acu leas a bhaint as tacaíocht teanga agus físe atá oiriúnach ó thaobh a bhforbartha féin de chun cabhrú le rialacha nua a mhíniú maidir le fanacht sábháilte ar scoil.


2. Ag Socrú Isteach

Tógfaidh sé tamall ar an bhfoireann agus ar na daltaí dul i dtaithí ar a bheith ar ais i dtimpeallacht na scoile agus a bheith réidh agus ar fáil chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Tá braistint phráinne maidir le fillleadh ar an gcuraclam nádúrtha ach dá gcaithfí am chun gach dalta a shocrú agus iad a dhéanamh *réidh* don fhoghlaim bheadh torthaí dearfacha le baint as sin san fhadtárma agus is dóigh go laghdódh sé sin an strus. Mar sin de, is tábhachtach nach ndeifríonn múinteoirí agus foireann na scoile chun díriú ar theagasc agus ar fhoghlaim fhoirmiúil sula ndéanann siad machnamh ar an ullmhacht ar dtús, ag díriú ar an bhfolláine.

- D'fhéadfadh sé beagán ama a ghlacadh sula socróidh an fhoireann agus na scoláirí isteach sa scoilbhliain nua. Is dócha go mbeidh éagsúlacht freagairtí le feiceáil againn i measc ár gcuid scoláirí, idir sceitimíní agus áthas ar thaobh amháin agus buairt agus imní ar an taobh eile, agus is gnáthfhreagairtí iad sin. Má dhéantar mothúcháin a léiriú mar ghnáthmhothúcháin trína chur in iúl go mbíonn imní agus buairt orainn go léir, cuideoidh sé le timpeallacht shábháilte a chruthú dár scoláirí.
- Cuimhnigh gur eiseamláirí tábhachtacha do dhaltaí iad daoine fásta sa scoil. Cuideoidh múnú freagraí socra agus straitéisí chun déileáil le cúrsaí le daltaí bealaí cabhracha a fhoghlaim chun a gcuid buairimh agus imní a láimhseáil.

- D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama ar scoláirí ar leith dul i dtaithí ar shuí síos, ar aird a thabhairt agus ar dhíriú ar nithe. Sa chéad seachtain, beidh eatraimh foghlama níos giorra agus sosanna rialta, sábháilte i gcomhair gluaiseachta ina dhiaidh sin (fiú seasamh suas agus síneadh), mar thacaíocht agus mar chúnamh chun aird agus fócas na scoláirí a fheabhsú. Mar is iondúil ag tús na scoilbhliana, bainfidh na leanaí agus na daoine óga go léir tairbhe as am a bheith acu chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí suaimhnithe agus rialaithe, amhail gníomhaíocht choirp, líníocht, ceol agus cleachtaí suaimhnithe/análaithe. Teastaíonn neart codlata uathu freisin agus mar sin beidh sé tábhachtach aird na dtuismitheoirí a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis na gnáthaimh a bhaineann le ham scoile a athbhunú arís amhail amanna codlata agus gníomhaíochtaí suaimhnithe. Sna chéad seachtainí a mbeidh siad ar ais, beidh sos ón obair bhaile nó a laghad is féidir a thabhairt mar chúnamh chun laghdú a dhéanamh ar an imní agus an t-am a theastaíonn a thabhairt do leanaí i gcomhair scíthe agus aclaíochta ag deireadh an lae scoile.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh fócas folláine éagsúil ag teastáil ó chohóirt éagsúla daltaí:
 - B'fhéidir go gcaithfí aird faoi leith a thabhairt do dhaltaí a rinne Scrúduithe Stáit in 2022 chun díriú ar shuaimhneas agus ar dhóchas
 - D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht de dhíth ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó riachtanais bhreise oideachais acu chun go mothóidís sábháilte agus go ndéanfaidís athnascadh.

Tóg am mar fhoireann scoile chun na riachtanais i do phobal scoile a mheas, agus conas is fearr a d'fhéadfadh an scoil folláine a chur chun cinn d'fhonn ár gcuspóir maidir le:




Tá tuilleadh comhairle, moltaí agus acmhainní le fáil má fhéachtar ar an Seimineár Gréasáin maidir le Folláine de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus is féidir úsáid a bhaint as Foireann Uirlisí Folláine NEPS do Mhúinteoirí chun tacú libh mar fhoireann smaointe agus plean a ullmhú maidir le folláine a chur chun cinn do do scoil le linn na tréimhse sin chun socrú isteach (gov.ie/backtoschool).

3. Príomhtheachtaireachtaí a Chur in Iúl Laistigh de Phobal na Scoile:

I measc na bpríomhtheachtaireachtaí a thacóidh le folláine pobal na scoile ag an am seo tá an méid a leanas:

- Tá gach duine ag filleadh ar an scoil agus tá na scoileanna ag tnúth go mór le fáilte a chur roimh scoláirí agus iad ag teacht ar ais agus cabhrú leo chun a bheith páirteach san fhoghlaim arís.
- Beidh mórchuid na ndaltaí ag tnúth leis an scoil agus le bualadh le cairde, le múinteoirí agus le baill foirne eile na scoile arís. Beidh go leor daoine ar bís, faoiseamh agus áthas orthu. B'fhéidir go mbraitheann cuid acu rud beag imníoch agus buartha faoi dhul ar ais arís. Tá sé sin le tuiscint agus is gnáthfhreagairt é ag am an aistrithe agus an athraithe. Socróidh mórchuid na ndaltaí le himeacht ama, agus iad ag déanamh athmhuintearais le cairde agus ag dul i dtaithe ar na gnáthaimh nua sábháilteachta scoile.
- Tá ár scoil ag obair go crua chun a chinntiú go mbeidh foirgneamh agus clós na scoile sábháilte do na daltaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí go léir. Ciallóidh sé sin go mbeidh roinnt gnáthamh agus rialacha nua ann chun gach duine a choinneáil slán. Tacóimid leat na gnáthaimh agus na rialacha nua sin a fhoghlaim.
- Tá a fhios ag foireann na scoile go bhfuil an fholláine tábhachtach agus riachtanach chun go dtarlóidh an fhoghlaim. Táimid ag tabhairt tosaíochta do na rudaí a bhfuil a fhios againn go gcuirfidh siad an fholláine chun cinn ag an am seo.
- Tá a fhios ag foireann na scoile go ndearna tuismitheoirí sáriarrachtaí tacú le hoideachas leanúnach a bpáistí nuair a dúnadh na scoileanna agus go ndearna tuismitheoirí a seacht ndícheall. Beidh múinteoirí ag atosú san áit ina bhfuil gach dalta.
- Cuideoidh sé le gach duine socrú ar ais i ngnáthamh scoile, go leor codlata a fháil, ithe go sláintiúil, aclaíocht choirp a dhéanamh, roinnt ama a thógáil chun a bheith cruthaitheach agus athmhuintearas a dhéanamh le cairde.
- Tá na teachtaireachtaí seo san áireamh i sraith físeán a forbraíodh do leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí, agus b'fhéidir gur mhaith le scoileanna iad seo a dháileadh ar theaghlach, de réir mar is cuí. Tá na sonraí maidir le hiad a rochtain ar fáil i gCuid 8 den doiciméad.



4.2 Leibhéal 2 agus 3: Freagra Spriocdhírthe agus Aonair do Roinnt Daltaí/do Bheagán Daltaí

D'fhéadfadh sé go mbeadh cúnaimh breise ag teastáil ó roinnt daltaí agus óna dteaghlaigh chun socrú ar ais ar scoil. Tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar dhaltaí nach socraíonn isteach tar éis na tréimhse tosaigh agus pleanáil chun tacú leo, in ainneoin go raibh rochtain acu ar thacaíocht



D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht ag teastáil ó dhaltaí a mbíonn sé deacair orthu socrú ar ais ar scoil, tacaíocht atá sa bhreis ar na tacaíochtaí uilíocha folláine a chuirtear ar fáil do gach dalta. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí an méid a leanas orthu siúd:

- daltaí a bhfuil drogall orthu freastal ar scoil
- daltaí atá as láthair mar gheall ar bhreiteacht/ar chúiseanna míochaine
- daltaí a sainithníodh roimhe sin mar dhaltaí a raibh riachtanais speisialta oideachais/nó riachtanais bhreise oideachais acu
- daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais de bharr cúinsí baile nó socheacnamaíocha
- daltaí ar bhain cailteanas dóibh (méala/breiteacht/tinneas sa teaghlach)
- daltaí atá tar éis gan a bheith rannpháirteach nó atá i mbaol a bheith scoite amach ón bhfoghlaim
- daltaí a bhfuil an chuma orthu go bhfuil a n-iompar difriúil nó as carachtar

I gcás chuid de na daltaí sin b'fhéidir gur tháinig a gcuid riachtanas chun cinn le linn na paindéime, cé go bhféadfadh go raibh riachtanais eile ag cuid eile sular dúnadh an scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh dúshlán roimh na daltaí sin filleadh ar scoil agus tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu chun cabhrú leo dul i dtáthí ar athruithe ar ghnáthaimh agus ar thimpeallachtaí scoile. Cuideoidh baint ghníomhach daltaí sa pleanáil le haghaidh filleadh ar scoileanna a gcuid inní a laghdú agus mothú caidrimh agus athmhuintearais a atógáil. Cuideoidh am chun teagmháil a dhéanamh athuair le múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta, de réir mar is cuí, le tacú leis an aistriú ar ais ar scoil. Ba cheart pleananna tacaíochta daltaí a fhorbairt i gcomhar le tuismitheoirí chun láidreachtaí agus riachtanais reatha a shainithint agus éifeachtacht na pleanála idirghabhála a fheabhsú. I gcás na ndaltaí sin nach bhfuil in ann filleadh ar scoil láithreach (e.g. mar gheall ar inní faoi chúrsaí shláinte), beidh tacaíochtaí leanúnacha cianfoghlama ag teastáil uathu.

D'fhéadfadh na cineálacha cur chuige a leanas a bheith cabhrach do dhaltaí a leanann orthu de bheith ag streachailt:

- Cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh – láidreachtaí, sainspéiseanna agus cumais an dalta a úsáid chun tógáil ar an teacht aniar agus mothú an mhuintearais a chothú
- Cuidiú le daltaí déileáil le hábhair inní trí straitéisí a úsáid mar análú domhain, teicnící scíthe, díriú ar smaointe dearfacha, réiteach fadhbanna trí thascanna a bhriseadh síos

ina gcéimeanna beaga níos soláimhsithe, faisnéis a sholáthar i bhformáid inrochtana, agus scéalaíocht agus teicnící eile a úsáid chun an eagla a láimhseáil, réitigh a chruthú agus teacht aniar a chothú

- Naisc shóisialta agus cairdis a chothú
- Cuir chuige agus freagraí uilíocha a dhifreáil ag baint úsáide as scéalta sóisialta, sceidil, cuir chuige físe etc. Scileanna teagasc chun tacú le hoiriúnú do ghnáthaimh nua agus iad ar scoil, lena n-áirítear teagasc sainráite agus tacaíocht faoi riachtanais sláinteachais ag úsáid ábhar físe, físeáin agus athrá chun príomhtheachtaireachtaí a threisiú
- Cláir spriocdhírthe a úsáid chun inniúlacht shóisialta agus mhothúcháinach a fhorbairt
- Comhoibriú leanúnach a chinntiú idir tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí

Tá moltaí breise ar fáil i Sraithe Uirlisí Folláine na SNSO. Tacófar le scoileanna leis an bhfreagairt sin trí raon teorach agus tacaíocht bhreise a sholáthar ó Sheirbhísí Tacaíochta agus Gníomhaireachtaí ROS², agus Seirbhísí FSS. Cuirfear iad sin in iúl tríd an leathanach gréasáin gov.ie/backtoschool.

4. Folláine Foirne Scoile a Chur Chun Cinn

Beidh taithí dhifriúil ag gach duine ar an bpaindéim agus tógfaidh sé tamall dul i dtaithe ar an 'ngnáthshaol nua'. Tá sé tábhachtach go háirithe go mbeidh daoine fásta sa scoil réamhghníomhach agus go dtabharfaidh siad aire dá bhfolláine féin. Bíonn tionchar ag folláine na ndaoine fásta timpeall orthu ar fholláine na ndaltaí. Braitheann daltaí strus ó dhaoine eile agus, mar sin, is tábhachtach go ndéanfadh daoine fásta múnú ar bhealaí dearfacha chun déileáil leis an athrú agus leis an bhfillleadh ar scoil.

Aithníonn an Roinn an gá atá le folláine foirne scoile agus féinchúram comhchoiteann. Cuireann Straitéis Sláinte Cheirde na Roinne tacaíocht ar fáil d'fhoirne scoile agus é mar aidhm aici sláinte agus folláine na bhfostaithe san ionad oibre a chur chun cinn, agus béim láidir á leagan ar chosc. Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta don fhoireann i scoileanna. Is í aidhm na Straitéise Sláinte Ceirde sláinte agus folláine fostaithe san ionad oibre a chur chun cinn, le fócas láidir ar chosc. Cuimsítear sa Straitéis Sláinte Ceirde an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Soláthraíonn Spectrum.life an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS). Tá an tacaíocht sin á cur ar fáil acu faoin teideal '*Folláine Le Chéile*'.

Faoin EAS, tá líne chabhrach rúnda saorfhóin tiomnaithe 1800 411 057 ar fáil d'fhostaithe 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain ag soláthar comhairle ar réimse saincheistanna amhail folláine, dlí, airgeadas, idirghabháil, tacaíocht bhainistíochta etc. Nuair a bhíonn gá leis, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus dá dteaghlaigh (os cionn 18 mbliana d'aois agus iad ina gcónaí sa bhaile). Tá tairseach agus aip folláine shaincheaptha a sholáthraíonn rochtain ar phodchraoltaí agus blaganna ar ábhair a bhaineann le folláine agus meabhairshláinte, saol an teaghlaigh, aclaíocht agus cothú ar fáil freisin. Ina theannta sin soláthraítear teiripe iompraíochta cognaíocha ar líne. Beidh Spectrum.life ag cur sraith

² I measc Sheirbhísí Tacaíochta / Gníomhaireachtaí na Roinne tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL), an Clár Ionduchtaí Náisiúnta do Mhúinteoirí (NIPT), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) An tSeirbhís Tacaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

seimineáir ghréasáin agus cur i láthair ar fáil chun folláine foirne a chur chun cinn i scoileanna de réir mar a athosclóidh scoileanna agus le linn na scoilbhliana atá le teacht.

Laistigh de shuíomh na scoile bainfidh foireann na scoile leas as an méid a leanas:

- Teachtaireachtaí soiléire faoi na socrúithe atá i bhfeidhm chun scoileanna a athoscailt
- Rochtain ar threoir agus ar acmhainní chun eolas agus feasacht a thógáil ar an mbealach is fearr chun tacú le folláine daltaí nuair a fhilleann siad ar ais ar scoil
- Straitéisí chun tógáil ar fholláine agus teacht aniar na foirne i gcoitinne
- Bheith eolach ar conas agus cá háit le tacaíocht a fháil (gov.ie/backtoschool)

Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí/Cúramóirí

Tá sé tábhachtach dul i gcomhpháirt le teaghlaigh chun freagairt scoile uile, ailínithe a chinntiú ag tús na scoilbhliana nua. Bainfidh tuismitheoirí/cúramóirí leas as an méid a leanas:

Teachtairreachtaí soiléire faoi:

- na socrúithe atá i bhfeidhm chun scoileanna a athoscailt agus chun leanaí a choimeád slán, ag leanuint
- conas a thacóidh an scoil le folláine na ndaltaí agus iad ag filleadh ar scoil d'fhonn tacú le rannpháirtíocht a bpáistí leis an bhfoghlaim athuair
- Cuireadh dóibh a chomhroinnt leis an scoil má tá inní nó buaireamh orthu faoina gcuid leanaí ar scoil
- Bheith ar an eolas maidir le conas agus cá háit le tacaíocht a fháil (gov.ie/backtoschool)

Guth agus gníomhaireacht na ndaltaí a spreagadh

Is tábhachtach cuimhneamh ar dheiseanna leanúnacha a sholáthar chun guthanna na leanaí/na ndaoine óga i scoil a chloisteáil, agus freagairt dóibh ar bhealach fiúntach.

Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh daltaí páirteach i bpleananna na scoile ag tús na scoilbhliana nua. Bainfidh daltaí leas as an méid a leanas:

- Teachtaireachtaí soiléire, curtha in iúl go fiúntach agus oiriúnach ó thaobh na forbartha de, faoi:
 - na socrúithe atá i bhfeidhm chun scoileanna a athoscailt agus leanaí/daoin óga a coimeád slán, agus an réasúnaíocht leis na socrúithe sin
 - conas a thacóidh an scoil lena bhfolláine nuair a fhillfidh siad ar scoil, rud a thacóidh lena rannpháirtíocht san fhoghlaim
 - a gcuid freagrachtaí féin as cuidiú le timpeallacht na scoile a choinneáil slánD'fhéadfadh sé go mbeadh sé i gceist tuismitheoirí a bheith ag tacú leis na teachtaireachtaí sin a chur in iúl roimh fhilleadh na ndaltaí ar scoil, ag brath ar a n-aois nó ar a gcéim forbartha.
- Cuireadh a thabhairt dóibh cur le hathbhreithnithe ar chur chuige na scoile uile
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo tacú go réamhghníomhach lena bhfolláine féin trí dhóthain codlata a fháil, gnáthaimh a bhunú, ithe go sláintiúil, aclaíocht choirp a dhéanamh, am a thógáil don chruthaitheacht etc.
- Cloisteáil gur gnáthrud é a bheith imníoch nó buartha faoi theacht ar ais ar scoil. Is tráth athraithe é seo, agus is gnách go mbraitheá imníoch nó buartha ag amanna athraithe.
- Cuireadh a thabhairt dóibh a n-ábhar imní a chomhroinnt leis an scoil, laistigh d'fhóram sábháilte, má tá aon rud ag déanamh imní dóibh

- De réir mar is cuí dá n-aois agus céim a bhforbartha, fios a bheith acu conas agus cá háit le tacaíocht a fháil (gov.ie/backtoschool)

Acmhainní agus Tacaíocht do Phobail Scoile:

Is é tacaíocht a sholáthar d'fholláine na foirne scoile is bun le leanúntas tacaíochta a sholáthar i scoileanna, agus treoir chun cabhrú le foireann na scoile mothú muiníneach agus oilte chun tacú le folláine a gcuid daltaí. Tá an Roinn tar éis dlúth-chomhoibriú a dhéanamh lena réimse leathan de sheirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí³, agus leis an FSS/leis na seirbhísí arna maoiniú ag FSS chun pacáiste tacaíochta agus acmhainní ailínithe agus comhleanúnacha a chruthú chun cabhrú le scoileanna ina leith sin. I measc na dtacaí beidh an méid a leanas:

- Gearrthóga físe chun cumarsáid a dhéanamh le daltaí agus tuismitheoirí maidir le filleadh ar scoil ina bhfuil príomhtheachtaireachtaí uilíocha [anseo](#)
- Raon Acmhainní agus Tacaíochta do thuismitheoirí
- Raon Acmhainní agus Tacaíochta do Phobail Scoile atá forbartha ag an SNSO:
- [Seimineáir Ghréasáin ar Fholláine](#) do bhunscoileanna/iar-bhunscoileanna – ag tacú leis an bhfolláine agus scoileanna ag athoscailt
- [Sraith Straitéisí don Fholláine do Scoileanna](#) le raon ábhar atá furasta le híoslódáil agus furasta le húsáid, ábhair atá éasca a úsáid
- Treoir bhreise do scoileanna, mar fhorlíonadh ar an Sraith Straitéisí Fholláine, mar thaca don [Ag Tacú le Folláine Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais \(RSO\) atá ag Filleadh ar an Scoil](#)
- Treoir Folláine CPD do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iarbhunscoileanna [anseo](#)
- Catalóg d'Acmhainní Folláine do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iarbhunscoileanna [anseo](#)

Tá naisc freisin chuig tacaíocht d'fholláine foirne scoileanna atá á sholáthar ag:

- Spectrum Life, an soláthraí tiomnaithe nua cúnamh d'fhostaithe d'fhoireann na scoileanna. Ina measc seo tá rochtain ar Mhol Ábhar Folláine, Clár Cúnamh do Fhostaithe agus Tacaíochtaí Sláinte Meabhrach mar aon le hlmeachtaí Folláine Digití. Tá sonraí breise ar fáil [anseo](#)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ([anseo](#))
- Foireann um Chothú Sláinte na FSS
- FSS/soláthraithe seirbhísí atá maoinithe ag FSS - seirbhísí r-mheabhrach, lena n-áirítear comhairleoireacht ar líne saor in aisce [anseo](#)

³ I measc Sheirbhísí Tacaíochta/Gníomhaireachtaí na Roinne tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL), an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (NIPT), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) An tSeirbhís Tacaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

Ina theannta sin, cuirfidh an SNSO seirbhísí breisithe don fholláine ar fáil, lena n-áireofar folláine phobail ár scoileanna speisialta go léir. Tá 17 síceolaí SNSO breise á gceapadh. Mar aon leis sin, dár n-iar-bhunscoileanna, tá thart ar 120 post á gcur ar fáil don treoir chun tacú le folláine scoláirí agus tábhacht na tacaíochta seo a aithint i gcomhthéacs dhúshlám phaindéime Covid-19.

Faoi dheireadh, tá ár gcomhpháirtithe i FSS agus i seirbhísí atá á maoiniú ag FSS ar nós *Spunout*, *Jigsaw*, *MyMind*, *Childline* agus *Turn2Me*, ag cur rochtana ar fáil do sheirbhísí r-mheabhrach, lena n-áirítear comhairleoireacht ar líne, más gá. Tá mionsonraí faoi na seirbhísí atá á soláthar ar fáil [anseo](#).